Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Treoir do Mhicrifhiontair, d'Fhiontair Bheaga agus do Ráthóirí:

## Rialacháin maidir le hIasachtú d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide

2016

# Réamhrá

## Ar an 17 Nollaig 2015, thug Banc Ceannais na hÉireann Rialacháin isteach maidir le hIasachtú d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (Rialacháin FBM). Leis na Rialacháin seo, cuirtear cosaintí ar fáil do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh acu ar shaoráidí creidmheasa nó nuair a bhíonn saoráidí creidmheasa acu, agus do ráthóirí chreidmheas FBM.

Nuair a bheidh iasachtóirí ag plé le FBManna, ní mór dóibh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ✓ a bheith trédhearcach maidir leis an bpróiseas iarratais,
- ✓ fógra i scríbhinn a thabhairt d'iasachtaithe FBM maidir leis na cúiseanna ar diúltaíodh creidmheas a sholáthar dóibh, ar cúiseanna iad a bhainfidh go sonrach lena n-iarratas,
- ✓ cosaintí a chur ar fáil do ráthóirí,
- ✓ teagmháil a dhéanamh le hiasachtaithe FBM a mbeidh riaráistí acu ar feadh 15 lá oibre,
- ✓ foláireamh a thabhairt d'iasachtaithe FBM má tá an baol ann go n-aicmeofar iad mar iasachtaithe nach bhfuil ag comhoibriú, agus
- ✓ ceart achomhairc a thabhairt d'iasachtaithe FBM.

Tháinig Rialacháin FBM in éifeacht ar an 1 Iúil 2016 maidir leis na hiasachtóirí go léir a sholáthraíonn creidmheas FBM, agus ar an 1 Eanáir 2017 maidir le comhair chreidmheasa. Foilsíodh leasuithe teicniúla ar Rialacháin FBM i mí Eanáir 2018 maidir leis na sainmhínithe ar FBManna. Bhí éifeacht láithreach leis na Rialacháin Leasaitheacha.

Tá comhdhlúthú neamhoifigiúil ar théacs iomlán Rialachán FBM le fáil anseo. Anseo thíos, leagtar amach na príomhchosaintí do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga (arb iad tromlach na FBManna a chlúdaítear faoi Rialacháin FBM iad).

Sainmhínítear micrifhiontar agus fiontar beag faoi threoir Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún agus ciallaíonn sé fiontar a bhfuil líon níos lú ná 50 duine ar fostú aige agus a bhfuil ceachtar díobh seo a leanas nó iad araon aige:

a) láimhdeachas bliantúil nach mó ná €10 milliún,

b) iomlán cláir chomhardaithe nach mó ná €10 milliún in aghaidh na bliana.

In imthosca áirithe ina mbeidh micrifhiontar agus fiontar beag nasctha le fiontar eile, féadfar líon na bhfostaithe, láimhdeachas bliantúil agus iomlán an chláir chomhardaithe in aghaidh na bliana san fhiontar nasctha sin a chur san áireamh freisin.

# Eolas do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga —

# 10 ní ba cheart a bheith ar eolas agat

### 1. Ní mór do d'iasachtóir faisnéis a thabhairt duit faoina phróiseas iarratais ar chreidmheas

Ní mór do d'iasachtóir faisnéis a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin faoina phróiseas iarratais ar chreidmheas. Is gá go gcuimseofar na hamlínte ábhartha, faisnéis a iarrfaidh d'iasachtóir ort agus faisnéis maidir le scéimeanna tacaíochta Rialtais atá ar fáil ó d'iasachtóir. Is féidir leat ceisteanna a chur ar d'iasachtóir maidir leis an bpróiseas iarratais ar chreidmheas. Má dhéanann tú teagmháil le d'iasachtóir sula ndéanann tú iarratas ar chreidmheas, ní mór do d'iasachtóir treoir a thabhairt duit a chuideoidh leat iarratas rathúil a dhéanamh.

### 2. Mura ndéanann d'iasachtóir cinneadh ar d'iarratas creidmheasa laistigh de 15 lá oibre, ní mór dó na cúiseanna a chur in iúl duit

Ní mór do d'iasachtóir fógra a thabhairt duit faoin méid ama a thógfaidh sé air cinneadh a dhéanamh maidir le d'iarratas creidmheasa. Mura féidir le d'iasachtóir cinneadh a dhéanamh laistigh de 15 lá oibre toisc go bhfuil tuilleadh eolais de dhíth air, ní mór dó a insint duit cén fhaisnéis atá uaidh agus cathain is gá duit an fhaisnéis sin a thabhairt dó.

### 3. Má dhiúltaítear do d'iarratas creidmheasa

Má dhiúltaíonn an t-iasachtóir do d'iarratas creidmheasa, tá tú i dteideal an chúis/na cúiseanna atá leis an diúltú sin a fháil i scríbhinn ón iasachtóir. Is gá go mbeidh na cúiseanna a thugtar duit (i) soiléir agus sothuigthe agus (ii) ábhartha do d'iarratas.

Má tá cinntí d'iasachtóra faoi réir athbhreithnithe ag an Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa, ní mór do d'iasachtóir faisnéis a thabhairt duit maidir le ról agus sonraí teagmhála na hOifige um Athbhreithniú Creidmheasa.

## 4. Má éiríonn le d'iarratas creidmheasa

Má éiríonn le d'iarratas creidmheasa, ní mór do d'iasachtóir faisnéis a thabhairt duit maidir leis an iasacht atá á tairiscint duit, lena n-áirítear na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann léi. Tá sé tábhachtach go léifidh tú an fhaisnéis seo sula ndéanfaidh tú cinneadh i dtaobh glacadh leis an iasacht atá á tairiscint duit. Mura dtuigeann tú an fhaisnéis seo, ba cheart duit iarraidh ar d'iasachtóir í a mhíniú duit agus ba cheart duit smaoineamh ar chomhairle neamhspleách a fháil.

## 5. Ní mór do d'iasachtóir rogha a thabhairt duit bualadh leis, agus athbhreithniú creidmheasa a fháil, uair sa bhliain ar a laghad

Ní mór do d'iasachtóir, ar bhonn bliantúil, rogha a thabhairt duit bualadh leis agus, ag an gcruinniú sin, déanfar athbhreithniú ar d'iasacht(aí), ar an urrús atá ag d'iasachtóir i ndáil leis na hiasachtaí sin agus ar aon socruithe malartacha atá i bhfeidhm idir tú féin agus d'iasachtóir chun do chuid fiach a ghlanadh. Tá tú i dteideal freisin iarraidh ar d'iasachtóir athbhreithniú creidmheasa a dhéanamh tráth ar bith.

## 6. Cad a tharlóidh má bhíonn riaráistí agat

Má bhíonn riaráistí agat ar do chuid aisíocaíochtaí agus má bhíonn na riaráistí sin agat ar feadh 15 lá oibre tar éis duit aisíocaíocht a chailliúint, ní mór do d'iasachtóir teagmháil a dhéanamh leat chun a chur in iúl duit go bhfuil riaráistí agat agus chun a fháil amach cén fáth a bhfuil riaráistí agat. Ansin, breithneoidh d'iasachtóir an ceart plé leat mar chás deacrachtaí airgeadais. Is ionann cás deacrachtaí airgeadais agus cás ina bhfuil:

- ✓ íocaíochtaí caillte ag an iasachtaí ar feadh 3 mhí i ndiaidh a chéile, nó
- ✓ a rótharraingt sáraithe ag an iasachtaí ar feadh 90 lá i ndiaidh a chéile, nó
- ✓ deacrachtaí airgeadais ag an iasachtaí, dar leis an iasachtóir.

Má tá imní ort go bhfuil tú i mbaol riaráistí, nó má tá riaráistí agat agus tá imní ort go rachaidh siad in olcas, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le d'iasachtóir a luaithe is féidir. Tá sé tábhachtach freisin go gcomhoibreoidh tú go hiomlán le d'iasachtóir. Mura mbíonn tú ag comhoibriú le d'iasachtóir, ní mór do d'iasachtóir na himpleachtaí féideartha a bhaineann leis an neamh-chomhoibriú sin a chur in iúl duitse agus do do ráthóir.

## 7. Ní mór d'iasachtóir faisnéis a thabhairt duit maidir leis an gcaoi ina n-oibreoidh sé le hiasachtaithe a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu

Ní mór do d'iasachtóir leabhrán faisnéise a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin le haghaidh iasachtaithe FBM a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus ina gcuimseofar cur síos ar na cineálacha socruithe malartacha a d'fhéadfadh a bheith ar fáil. Is gá go mbeidh sonraí sa leabhrán faisnéise sin maidir le próiseas inmheánach achomhairc an iasachtóra i leith a chinntí chun socrú malartach a chur ar fáil mar aon leis na hamlínte a bheidh i gceist, agus sonrófar ann cibé acu an bhfuil a chinntí faoi réir athbhreithnithe ag an Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa.

## 8. Is gá go mbeidh gnáthamh inmheánach achomhairc ag d'iasachtóir

Faoi ghnáthamh inmheánach achomhairc d'iasachtóra, is féidir leat achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh maidir leis na cinntí seo a leanas:

- ✓ iarratas creidmheasa ar diúltaíodh dó,
- ✓ aistarraingt nó laghdú comhaontaithe maidir le saoráid chreidmheasa,
- ✓ diúltú socrú malartach a thairiscint,
- ✓ téarmaí agus coinníollacha speisialta a fhorchuirtear ar thairiscint creidmheasa nó ar thairiscint socraithe mhalartaigh, nó
- ✓ iasachtaí a aicmiú mar iasachtaí 'nach bhfuil ag comhoibriú'

## 9. Ní mór do d'iasachtóir faisnéis a thabhairt duit maidir leis an urrús atá ag teastáil le haghaidh iasachta

Má tá urrús ag teastáil le haghaidh saoráid chreidmheasa, ní mór do d'iasachtóir a mhíniú duit i scríbhinn cén fáth a bhfuil urrús de dhíth agus na hiarmhairtí féideartha a bheidh ann duit má chuireann tú an t-urrús sin ar fáil.

## 10. Má thairiscíonn d'iasachtóir socrú malartach duit chun d'fhiacha a ghlanadh, ní mór dó faisnéis a sholáthar sa doiciméad tairisceana iasachta maidir leis an socrú malartach

Cuimseofar an méid seo a leanas san fhaisnéis sin:

- ✓ An tréimhse ama chun glacadh leis an tairiscint,
- ✓ méid na haisíocaíochta nua,
- ✓ líon na n-aisíocaíochtaí,

- minicíocht na n-aisíocaíochtaí,
- téarma an tsocraithe,
- impleachtaí an tsocraithe,
- sonraí maidir le haon fhiachas a bheidh fágtha ag deireadh an tsocraithe,
- an chaoi ina bhforchuirfear ús agus muirir.

# Faisnéis do ráthóirí chreidmheas FBM

**Mar ráthóir chreidmheas FBM, ní mór do d'iasachtóir tú a choinneáil ar an eolas nuair a bheidh an fiachas á ráthú agat agus le linn théarma na hiasachta**

Nuair a iarrfaidh iasachtóir ort ráthaíocht a thabhairt chun tacú leis an iarratas ar chreidmheas, ní mór don iasachtóir míniú soiléir a thabhairt ar an méid seo a leanas:

- cén fáth a bhfuil an ráthaíocht ag teastáil,
- na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann duit,
- do chuid oibleagáidí mar ráthóir, agus
- ráitis shonraithe rabhaidh chun aird a dhíriú ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann duit as an ráthaíocht a thabhairt.

Le linn théarma na hiasachta, ní mór don iasachtóir an méid seo a leanas a chur in iúl duitse mar ráthóir:

- má leasaítear téarmaí agus coinníollacha chomhaontú na saoráide creidmheasa,
- má bhíonn deacrachtaí airgeadais ag an iasachtaí,
- má tá baol ann go n-aicmeofar an t-iasachtaí mar iasachtaí 'nach bhfuil ag comhoibriú',
- má rinneadh an t-iasachtaí a aicmiú mar iasachtaí 'nach bhfuil ag comhoibriú',
- má aisíocadh an creidmheas,

- má réadaíodh aon urrús*, nó
- má tá athbhreithniú neamhspleách ag teastáil ón iasachtóir.

*Nuair a réadaítear urrús, ní mór don iasachtóir tú a chur ar an eolas maidir leis an méid a fuarthas ar an urrús, costais réadaithe an urrúis, agus sonraí faoi aon fhiachas atá fágtha. Má tá barrachas ann, ní mór don iasachtóir fógra a thabhairt duit faoin gcaoi ina ndéanfar an barrachas a aisíoc leis an iasachtaí nó leis an ráthóir/na ráthóirí.

# Cá bhfaighidh tú tuilleadh eolais?

Banc Ceannais na hÉireann

www.centralbank.ie

Treoir ar líne de chuid Rialtas na hÉireann ar a dtugtar Ag Tacú le FBManna

www.supportingsmes.ie

An Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa

www.creditreview.ie

An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean

Chun eolas a fháil maidir leis an gcaoi chun gearán a dhéanamh faoi d'iasachtóir.

www.fspo.ie



**T**: +353 (0)1 224 6000
R: enquiries@centralbank.ie
www.centralbank.ie

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem